Acmhainn 4 (Gníomh 4)

Cineálacha Mí-úsáide (1 de 5)

CINEÁL MÍ-ÚSÁIDE

CORPARTHA

SAINMHÍNIÚ

Dochar corpartha a dhéanamh do dhuine

SAMPLAÍ

Ag brú, ag croitheadh, ag baint liomóige as, ag bualadh, ag tabhairt doirn, ag dó, ag cur mantóige ar, ag ceilt codlata ar dhuine, ag caitheamh, ag cur ceangail ar, ag sá, ag bualadh le crios, ag plúchadh, gan cóir chuí leighis a thabhairt.

COMHARTHAÍ

Dónna, gearrthacha, eagla roimh dhaoine eile, cúlánta, tearcghnóthú, deacracht le haird a dhíriú, dúlagar agus meabhrú faoi fhéinbhás.

Acmhainn 4 (Gníomh 4)

Cineálacha Mí-úsáide (2 de 5)

CINEÁL MÍ-ÚSÁIDE	**MOTHÚCHÁNACH**
SAINMHÍNIÚ	Drochúsáid sheasmhach mhothúchánach
SAMPLAÍ	Leasainmneacha a ghlaoch, scige a dhéanamh faoi dhuine, gan ach luach a chur ar iompar a riarann ar dhaoine eile, bagairtí briathartha, ráitis náirithe os comhair daoine eile, dochar a dhéanamh do pheata nó do rud a bhfuil an-bhá ag an duine leis, mí-úsáid chorpartha ar dhuine eile a fheiceáil á déanamh, ag rá le duine go bhfuil an locht air as gach rud, a bheith fuar agus cúlánta, gan lé ná bá a thaispeáint, síorcháineadh, stalcaireacht, smacht thar fóir ar cá háit a bhfuil cead ag duine dul, ar na héadaí a chaitheann sé, ar an dóigh ar cheart dó smaoineamh, srl.
COMHARTHAÍ	Dúlagar, easpa suime i rudaí, cúlánta agus taghdach, fadhbanna le haird a dhíriú, tearcghnóthú, neamhoird itheacháin, meabhrú faoi fhéinbhás.

Acmhainn 4 (Gníomh 4)

Cineálacha Mí-úsáide (3 de 5)

CINEÁL MÍ-ÚSÁIDE

GNÉASACH

SAINMHÍNIÚ

Gníomh gnéasach ar bith nach dtoileann duine leis nó a dteanntar air toiliú leis.

SAMPLAÍ

Ráiteas briathartha, muirniú nó pógadh, iarracht ar chaidreamh collaí nó caidreamh collaí iomlán, ag tabhairt ar dhuine amharc ar ghníomhartha gnéasacha, iallach a chur ar dhuine breathnú ar ábhair gháirsiúla.

COMHARTHAÍ

Eolas míchuí gnéasach, furasta le hionramháil, ionsaitheach, eagla roimh dhuine ar leith, nó roimh chineál duine, neamhoird itheacháin, meabhrú faoi fhéinbhás.

Acmhainn 4 (Gníomh 4)

Cineálacha Mí-úsáide (4 de 5)

CINEÁL MÍ-ÚSÁIDE	**FAILLÍ**
SAINMHÍNIÚ	Gan riaradh ar riachtanais bhunúsacha chorpartha, mhothúchánacha agus leighis.
SAMPLAÍ	Easpa airde nó bá, teip bia, teas, cúram sláinte, oideachas agus ionad dídine a chur ar fáil.
COMHARTHAÍ	Éadaí nach bhfuil fóirsteanach don aimsir, salach, easpa rialacha faoi úsáid ama shaoir, ocrach, baol féinbháis

Acmhainn 4 (Gníomh 4)

Cineálacha Mí-úsáide (5 de 5)

CINEÁL MÍ-ÚSÁIDE	**BULAÍOCHT**
SAINMHÍNIÚ	Náiriú, eisiamh nó imeaglú atá seasmhach.
SAMPLAÍ	Leasainmneacha a ghlaoch, scige a dhéanamh faoi dhuine, bagairtí briathartha, ráitis náirithe os comhair daoine eile, dochar a dhéanamh do shealúchas duine, iallach a chur ar dhuine airgead nó maoin a thabhairt ar láimh duine eile, ráitis bhagracha, dúmhál, súil a bheith dúnta ort nó a bheith fágtha as an áireamh, magadh a dhéanamh faoi dhuine eile (mar shampla, faoina chine, faoina dhath, faoina chineál, faoina chlaonadh gnéasach, faoina chuma, faoina éadaí, faoina chumas, faoina mheáchan…)
COMHARTHAÍ	Dúlagar, easpa suime i rudaí, cúlánta agus taghdach, fadhbanna le haird a dhíriú, tearcghnóthú, eagla roimh dhul chuig áiteanna áirithe, ag mothú neamhfhiúntach.

Acmhainn 5 (Gníomh 4)

An Buachaill Ar Rug An Fhearg Bua Air Agus An Mála Tairní

An chéad uair eile a bhfuil fonn ort rud éigin goilliúnach a rá le duine eile cionn is go bhfuil fearg ort, b'fhéidir gur mhaith leat stad a bhaint asat féin agus an scéal seo a thabhairt chun cuimhne.

Bhí buachaill óg ann uair amháin a bhí iontach teasaí.

Thug a athair mála tairní dó agus d'inis dó go raibh air tairne a bhualadh isteach i gcúl an fháil le casúr gach uair a rug an fhearg bua air. An chéad lá, bhí ar an bhuachaill 37 tairne a bhualadh le casúr isteach san fhál. I gcaitheamh an chéad chúpla seachtain a lean, d'fhoghlaim sé smacht a choinneáil ar an fhearg agus d'ísligh líon na dtairní a bhuail sé isteach san fhál le casúr. D'fhoghlaim an buachaill óg gurbh fhusa smacht a choinneáil ar an fhearg ná na tairní sin a thiomáint isteach san fhál.

Sa deireadh, tháinig an lá nuair nár rug an fhearg bua air oiread is uair amháin. D'inis sé an scéala dá athair; mhol an t-athair anois gur cheart don bhuachaill tairne a tharraingt amach do gach lá a raibh sé in ann smacht a choinneáil ar an fhearg. Chuaigh na laethanta thart agus, sa deireadh, bhí an buachaill óg in ann insint dá athair go raibh na tairní uile tarraingthe.

Rug an t-athair ar láimh ar an mhac agus thug sé go dtí an fál é.
"Rinne tú go maith, a mhic," arsa an t-athair, "ach breathnaigh na poill san fhál. Ní bheidh an fál choíche mar a bhí sé – tá sé lán de phoill. Is amhlaidh a bhíonn maidir le daoine; nuair a deir tú rudaí as fearg, fágann na focail colm mar a fágadh na poill seo. Tá créacht bhriathartha lán chomh holc le créacht chorpartha, mar fágann sí rian fosta. Is cuma cé mhéad uair a deir tú 'Tá aithreachas orm', beidh an chréacht go fóill ann."

Thuig an buachaill óg ansin cumhacht a chuid focal. Thuig sé a oiread dochair a rinne a ráitis mhístuama do dhaoine thart air, agus thuig sé a oiread dochair is féidir linn a dheanamh dá chéile gan é a thabhairt faoi deara. D'amharc sé suas ar a athair agus dúirt sé: "Tá súil agam, a athair, go mbeidh tú in ann mé a mhaitheamh as na poill a chuir mé ionat."

"Cinnte, beidh mé in ann," arsa an t-athair.